Caighdeán an Uisce Snámha in Éirinn

Forbhreathnú i gcomhair na Bliana 2011



Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Environmental Protection Agency

The Environmental Protection Agency (EPA) is a statutory body responsible for protecting the environment in Ireland. We regulate and police activities that might otherwise cause pollution. We ensure there is solid information on environmental trends so that necessary actions are taken. Our priorities are protecting the Irish environment and ensuring that development is sustainable.

The EPA is an independent public body established in July 1993 under the Environmental Protection Agency Act, 1992. Its sponsor in Government is the Department of the Environment, Community and Local Government.

OUR RESPONSIBILITIES

LICENSING

We license the following to ensure that their emissions do not endanger human health or harm the environment:

- waste facilities (e.g., landfills, incinerators, waste transfer stations);
- large scale industrial activities (e.g., pharmaceutical manufacturing, cement manufacturing, power plants);
- intensive agriculture;
- the contained use and controlled release of Genetically Modified Organisms (GMOs);
- large petrol storage facilities;
- waste water discharges.

NATIONAL ENVIRONMENTAL ENFORCEMENT

- Conducting over 2,000 audits and inspections of EPA licensed facilities every year.
- Overseeing local authorities' environmental protection responsibilities in the areas of - air, noise, waste, waste-water and water quality.
- Working with local authorities and the Gardaí to stamp out illegal waste activity by co-ordinating a national enforcement network, targeting offenders, conducting investigations and overseeing remediation.
- Prosecuting those who flout environmental law and damage the environment as a result of their actions.

MONITORING, ANALYSING AND REPORTING ON THE ENVIRONMENT

- Monitoring air quality and the quality of rivers, lakes, tidal waters and ground waters; measuring water levels and river flows.
- Independent reporting to inform decision making by national and local government.

REGULATING IRELAND'S GREENHOUSE GAS EMISSIONS

- Quantifying Ireland's emissions of greenhouse gases in the context of our Kyoto commitments.
- Implementing the Emissions Trading Directive, involving over 100 companies who are major generators of carbon dioxide in Ireland.

ENVIRONMENTAL RESEARCH AND DEVELOPMENT

- Co-ordinating research on environmental issues (including air and water quality, climate change, biodiversity, environmental technologies).

STRATEGIC ENVIRONMENTAL ASSESSMENT

- Assessing the impact of plans and programmes on the Irish environment (such as waste management and development plans).

ENVIRONMENTAL PLANNING, EDUCATION AND GUIDANCE

- Providing guidance to the public and to industry on various environmental topics (including licence applications, waste prevention and environmental regulations).
- Generating greater environmental awareness (through environmental television programmes and primary and secondary schools' resource packs).

PROACTIVE WASTE MANAGEMENT

- Promoting waste prevention and minimisation projects through the co-ordination of the National Waste Prevention Programme, including input into the implementation of Producer Responsibility Initiatives.
- Enforcing Regulations such as Waste Electrical and Electronic Equipment (WEEE) and Restriction of Hazardous Substances (RoHS) and substances that deplete the ozone layer.
- Developing a National Hazardous Waste Management Plan to prevent and manage hazardous waste.

MANAGEMENT AND STRUCTURE OF THE EPA

The organisation is managed by a full time Board, consisting of a Director General and four Directors.

The work of the EPA is carried out across four offices:

- Office of Climate, Licensing and Resource Use
- Office of Environmental Enforcement
- Office of Environmental Assessment
- Office of Communications and Corporate Services

The EPA is assisted by an Advisory Committee of twelve members who meet several times a year to discuss issues of concern and offer advice to the Board.

Caighdeán an Uisce Snámha in Éirinn

Forbhreathnú i gcomhair na Bliana 2011

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL
The Environmental Protection Agency
Bosca Oifig Phoist 3000, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman, Éire

Teileafón: +353 53 9160600 Facs: +353 53 9160699
Ríomhphost: info@epa.ie Suíomh Gréasáin: www.epa.ie

Lóghlao 1890 33 55 99

© An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2012

Is féidir an foilseachán iomlán seo nó cuid de a atáirgeadh gan a thuilleadh ceada, ar an gcoinníoll go n-aithnítear an fhoinse.

Caighdeán an Uisce Snámha in Éirinn

Forbhreathnú i gcomhair na Bliana 2011

Arna fhoilsiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Éire

Séanadh: Rinneadh gach iarracht cruinneas an ábhair san fhoilseachán seo a chinntiú. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), an t-údar nó na húdair, ná aon bhaill foirne eile le freagracht ar bith, áfach, as caillteanas nó damáiste a tharla, nó a mhaítear a tharla, mar thoradh, i bpáirt nó go hiomlán, ar ghníomh a rinne duine ar bith, nó a d'fhág sé nó sí gan déanamh, de dheasca ábhar an fhoilseacháin seo.

Ba iad Brigid Flood agus Annmarie Tuohy a thiomsaigh na sonraí agus a rinne suimiúchán orthu i gcomhair na tuarascála seo. D'ullmhaigh an tUasal Peter Webster (Eolaí Sinsearach, Tuairisciú & Measúnú) an tuarascáil faoi stiúir an Dr Micheál Lehane (Bainisteoir Cláir, Monatóireacht & Measúnacht Comhshaoil) laistigh den Oifig um Measúnacht Comhshaoil.

Rinne ocht gcinn déag d'údaráis áitiúla, atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na n-uiscí snámha sainithe ina gceantair feidhme féin, an fhaisnéis faoi uisce snámha a sholáthar atá sa tuarascáil forbhreathnaithe seo agus i gcóras uisce snámha ar líne an ***EPA - Splash*** (www.bathingwater.ie). Gabhaimid buíochas leis na baill foirne seo a leanas de chuid an EPA a chabhraigh ar bhealaí éagsúla le bailiú agus bailíochtú na sonraí arna n-úsáid in Splash agus sa mheasúnú seo: Kirsty Nolan, Deirdre Kirwan agus Una Cullen, agus buíochas le hAisling McElwain agus Melanie Mageean as an Léarscáil de Cháilíocht Uisce Snámha na hÉireann 2011 a ullmhú agus le baill den ghrúpa tras-oifige Uisce Snámha as ucht a n-ionchur.

Cúlra

In 2011, rinneadh monatóireacht ar 135 limistéar uisce snámha sainithe le linn an tséasúir snámha, arbh limistéir snámha sáile iad 126 díobh agus arbh limistéir snámha fionnuisce ar lochanna iad 9 gcinn díobh.

Is iad na húdaráis áitiúla ábhartha atá freagrach as sampláil (nó as sampláil a eagrú) ag na limistéir uisce snámha sainithe. Ní mór sampláil a dhéanamh go rialta i rith an tséasúir snámha a shíneann ón 1 Meitheamh go dtí an 15 Meán Fómhair gach bliain. Bíonn sampla réamhshéasúir ag teastáil i ndeireadh na Bealtaine, tuairim is coicís roimh thús an tséasúir, agus ní mór ar a laghad ceithre shampla a thógáil i rith an tséasúir san áit ina mbíonn an líon is mó daoine ag snámh nó san áit ina bhfuil an riosca is mó truaillithe de réir na próiníle uisce snámha.

Tá an Oifig um Measúnacht Comhshaoil de chuid an EPA freagrach as na torthaí maidir le cáilíocht an uisce snámha a thiomsú agus as an bhfaisnéis sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Déanann an Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil, laistigh den EPA, imscrúdú ar an gcúis gur theip ar aon limistéar snámha íosluachanna éigeantacha an AE a bhaint amach, agus ar na bearta atá á nglacadh ag an údarás áitiúil cuí chun géilliúntas a bhaint amach i gcás an limistéir snámha sin.

Reachtaíocht maidir le hUisce Snámha

Bunaíodh reachtaíocht lena rialaítear cáilíocht na n-uiscí snámha in 1976 trí Threoir 76/160/CEE. In 1992, tháinig na Rialacháin maidir le Cáilíocht Uiscí Snámha, 1992 (I.R. 155 de 1992), lenar trasuíodh Treoir 76/160/CEE, i bhfeidhm in Éirinn. Is é cuspóir na Treorach agus na Rialachán a lean uaithi a chinntiú go gcoimeádfar cáilíocht an uisce snámha agus, nuair is gá, go ndéanfar í a fheabhsú ionas go gcomhlíonfar caighdeáin atá sainithe chun an tsláinte agus an comhshaol a chosaint.

Tháinig Treoir nua faoi uisce snámha (Treoir 2006/7/CE) i bhfeidhm an 24 Márta 2006 agus rinneadh í a thrasuí i ndlí na hÉireann mar na Rialacháin um Cháilíocht Uisce Snámha 2008 (I.R. Uimh. 79 de 2008).
Beidh feidhm aici sin in ionad Threoir Uiscí Snámha 1976, atá i bhfeidhm faoi láthair, le héifeacht ón 31 Nollaig 2014. Bunaítear caighdeáin dhéine mhicribhitheolaíochta inti maidir le dhá pharaiméadar nua, Eintreacocais stéigeacha agus *Escherichia coli (E. Coli),* ní hionann is measúnaithe roimhe seo a bhí bunaithe go príomha ar thorthaí anailíse ar Bhachaillíní Drólannacha Iomlána agus ar Bhachaillíní Drólannacha Faecacha chomh maith le raon paraiméadar fisicicheimiceach.

San idirlinn, tá bearta idirthréimhseacha i bhfeidhm nó go bhforfheidhmeofar Rialacháin 2008 go hiomlán in 2015. Ó shéasúr snámha 2011 ar aghaidh ní mór monatóireacht a dhéanamh ar an dá pharaiméadar mhicribhitheolaíocha nua agus measúnú a dhéanamh ar na torthaí maidir le géilliúntas do na caighdeáin cáilíochta uisce atá sonraithe i dTreoir 1976. I gcomhair na tuarascála seo, úsáidtear córas aicmithe trí shraith, .i. ‘go maith', 'dóthanach' agus 'go dona’, ag teacht le measúnuithe roimhe seo. Ó 2015 ar aghaidh úsáidfear torthaí micribhitheolaíocha chun aicmiú a dhéanamh ar uiscí snámha i gceithre chatagóir: ‘ar fheabhas', 'go maith', ‘dóthanach' agus 'go dona’, i gcomhréir le Rialacháin 2008. Ní mór do gach uisce snámha an aicme ‘dóthanach’ a bhaint amach faoin mbliain 2015.

Faoin gcóras aicmithe reatha baineann an aicme cáilíochta 'go maith' le géilliúntas do luachanna treorach agus luachanna éigeantacha araon de chuid an AE, baineann 'dóthanach' le géilliúntas do na luachanna éigeantacha amháin, agus léiríonn 'go dona' neamhghéilliúntas do na luachanna éigeantacha. Níl uiscí snámha aicmithe mar 'ar fheabhas' sa tuarascáil seo toisc nach bhfuil caighdeáin uisce snámha i dTreoir 1976 atá comhionann leis an aicme sin.

Ceanglaítear ar údaráis áitiúla na bearta riachtanacha a ghlacadh lena chinntiú go ngéillitear do na caighdeáin, agus go gcuirtear an pobal ar an eolas má theipeann ar shampla uisce snámha luachanna éigeantacha an AE a chomhlíonadh. Is iondúil gur trí fhógraí comhairleacha ag an limistéar snámha a dhéantar é sin ach féadtar meáin eile a úsáid freisin. Ní mór do na hÚdaráis Áitiúla torthaí na samplála a chur faoi bhráid an EPA le linn gach séasúir snámha agus ag a dheireadh.

Brait Ghorma, Cóstaí Glasa agus cáilíocht an uisce

Is ionann scéim Ghradam an Bhrait Ghoirm agus marc cáilíochta a aithnítear go hidirnáisiúnta le haghaidh uiscí snámha, agus tá sí comhordaithe in Éirinn ag **An Taisce** (Iontaobhas Náisiúnta na hÉireann). Éilítear faoin scéim go mbainfeadh uiscí snámha amach, i measc a lán gnéithe eile, géilliúntas do luachanna treorach an AE maidir leis an dá pharaiméadar mhicribhitheolaíochta. Scéim den chineál céanna is ea Gradam an Chósta Ghlais do thránna ar a bhfuil bonneagar níos lú i bhfeidhm.

Tá sonraí scéimeanna an Bhrait Ghoirm agus an Chósta Ghlais ar fáil ag www.blueflag.org, www.beachawards.ie agus www.antaisce.org

Córas Uisce Snámha Ar Líne – Splash

Ó mhí Iúil 2009, tá láithreán Gréasáin nua seolta ag an EPA atá bunaithe ar léarscáil ar líne, "*Splash" (*www.bathingwater.ie), chun faisnéis faoi cháilíocht uisce snámha a chur ar fáil don phobal maidir leis na huiscí snámha atá sainithe ar fud na hÉireann. Ar an láithreán Gréasáin sin, cuirtear torthaí na samplála uisce snámha is déanaí ar fáil i rith an tséasúir snámha, chomh maith lena stádas i ndáil le géilliúntas do chaighdeáin an AE maidir le cáilíocht uisce snámha.

Chomh maith le faisnéis a sholáthar faoi stair na n-uiscí snámha sin i ndáil le géilliúntas ón mbliain 2003 ar aghaidh, déantar cur síos ar an láithreán Gréasáin ar gach limistéar snámha, lena n-áirítear aerghrianghraif agus gnáth-ghrianghraif, sonraí maidir le haon stádas brait ghoirm agus cibé an bhfuil garda tarrthála ar dualgas nó nach bhfuil, chomh maith le faisnéis reatha aimsire agus taoide. Anois tá '***Splash***' tagtha in áit na tuarascála náisiúnta ar uisce snámha a d'fhoilsíodh an EPA go bliantúil roimhe seo, agus i measc rudaí eile tugtar forbhreathnú ann ar stádas cháilíocht an uisce snámha ar leibhéil éagsúla: náisiúnta, gach údarás áitiúil ábhartha, gach ceantar abhantraí agus gach limistéar snámha sainithe.

Éilítear i Rialacháin na bliana 2008 go gcoinneoidh an EPA ina sheilbh réimse i bhfad níos leithne faisnéise a bhaineann le huiscí snámha, lena n-áirítear próifílí uisce snámha, féilirí monatóireachta, fógraí maidir le truailliú agus bearta bainistíochta i leith limistéir snámha, agus go ndéanfaidh sé tuairisciú ar an bhfaisnéis sin. Tá athfhorbairt á déanamh ar an láithreán Gréasáin '***Splash'*** le linn 2012 chun freastal ar na riachtanais bhreise sin.

Forbhreathnú ar Chaighdeán an Uisce Snámha in 2011

Cáilíocht na nUiscí Snámha Go Léir

Rinne údaráis áitiúla monatóireacht ar 135 limistéar uisce snámha sainithe le linn shéasúr snámha 2011, arbh limistéir snámha uisce sáile iad 126 díobh agus arbh limistéir snámha fionnuisce iad 9 gcinn díobh. Sainíodh cúig thrá nua le haghaidh 2011

- Ceathrú an Uisce, Cluain Cearbán, Co. Mhaigh Eo
- Trá Bhóthar Grattan, Cathair na Gaillimhe
- Trá Bhaile an Locháin, Cathair na Gaillimhe
- Trá na Srithidí, Co. Shligigh
- Trá Dhún Móráin, Co. Shligigh.

Baineadh trá amháin, Silver Strand, Cluain Cearbán, Co. Mhaigh Eo de liosta na n-uiscí snámha sainithe mar gheall ar a hiargúltacht agus a laghad daoine a théann ag snámh ansin.

Rinneadh measúnú ar thorthaí samplaí i gcoinne na gcaighdeán atá sainithe i dTreoir 76/160/CEE:

- Géilliúntas do luachanna treorach níos déine lena sonraítear cáilíocht uisce de stádas '**go maith'**
- Géilliúntas d'íosluachanna éigeantacha lena sonraítear cáilíocht uisce de stádas '**dóthanach'**
- Neamhghéilliúntas do luachanna éigeantacha ar ionann é agus cáilíocht uisce de stádas '**go dona'**.

Tríd is tríd tá caighdeán cáilíochta an uisce snámha in Éirinn an-ard, cé gur dhúirt an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (2011) gur féidir le roinnt tránna uirbeacha cois cósta agus roinnt lochanna intíre in Éirinn a bheith i mbaol foinsí truaillithe.

In 2011, ghéill 98.5 faoin gcéad de na huiscí snámha (133 limistéar as 135) do luachanna éigeantacha an AE agus bhain siad amach stádas 'dóthanach' ar a laghad maidir le cáilíocht an uisce. Ó 2009 go 2011 tháinig méadú breis is cúig faoin gcéad ar an gcion de na huiscí snámha a ghéill do na luachanna éigeantacha (Tábla 1). Ghéill 83% de na huiscí snámha do chaighdeán níos déine, an caighdeán 'go maith', maidir le cáilíocht an uisce (112 as 135).

In 2011, bhain cúig údarás áitiúil amach stádas 'go maith' dá gcuid uiscí snámha sainithe ar fad: Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin, Comhairle Contae Lú, Comhairle Contae Mhaigh Eo, Comhairle Contae na Mí agus Comhairle Contae Chill Mhantáin.

Figiúr 1 Stádas maidir le Caighdeán an Uisce 2011 (%)



Ba iad an dá limistéar uisce snámha nár bhain amach stádas ard go leor maidir le cáilíocht an uisce ná an Clochán agus an Trá Bhán (Sráid na Cathrach).

I gcás an Chlocháin is de bharr an scaoilte ó na hoibreacha séarachais in aice láimhe is mó atá an iarmhairt sin. Tá an gléasra ceadúnaithe

anois ag an EPA (Uimhir Cheadúnais Scaoilte D0198-01). Táthar ag súil go mbeidh an t-uasghrádú, lena n-áirítear dífhabhtú a dhéanamh ar an eisilteach, déanta faoi dheireadh 2013 agus meastar go dtiocfaidh feabhas ar cháilíocht an uisce le haghaidh shéasúr snámha 2014 mar thoradh air.

I gcás Shráid na Cathrach, theip ar shampla amháin a glacadh go luath i mí an Mheithimh na critéir a chomhlíonadh i ndáil leis an gcaighdeán éigeantach, agus cuireadh stádas 'go dona' i bhfeidhm maidir leis an trá do shéasúr 2011. Níor aithníodh aon chúis chinntitheach ina leith sin.

Tríd is tríd, cé go gcomhlíonann formhór mór uiscí snámha sainithe na hÉireann na caighdeáin íosta atá ann faoi láthair, éileofar leis na critéir níos déine atá leagtha amach i dTreoir 2006/7/CE go ndéanfaidh údaráis áitiúla iarrachtaí níos mó fós chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce agus dul i ngleic le foinsí féideartha truaillithe.

D'fhéadfadh go raibh tionchar éigin ag an aimsir ar roinnt de na héagsúlachtaí i gcáilíocht an uisce. Rinne Met Éireann achoimre ar shamhradh na bliana 2011 mar "*Níos fionnuaire ná mar is iondúil agus níos lú báistí ná mar is iondúil in áiteanna*" ach is díol spéise é a thabhairt faoi deara gur tógadh an líon is mó samplaí ar theip orthu na caighdeáin a chomhlíonadh sa chéad seachtain de Mheán Fómhair, tréimhse ina raibh gaoithe láidre ag séideadh agus inar thit báisteach throm dar le taifid Met Éireann.

Cuirtear comparáid idir cáilíocht an uisce le haghaidh na tréimhse 2009-2011 i láthair thíos (Tábla 1).

Tábla 1 Comparáid idir Stádas Chaighdeán an Uisce Snámha sna blianta 2009, 2010 agus 2011

	Sáile			Fionnuisce			San iomlán		
	2009	2010	2011	2009	2010	2011	2009	2010	2011
Líon na n-uiscí snámha sainithe	122	122	126	9	9	9	131	131	135
An líon inar baineadh amach cáilíocht uisce 'dóthanach'	114	120	124	8	7	9	122	127	133
Céatadán na n-uiscí inar baineadh amach cáilíocht uisce 'dóthanach'	93.4	98.4	98.4	88.9	77.8	100	93.1	96.9	98.5
An líon inar baineadh amach cáilíocht uisce 'go maith'	102	113	106	6	5	6	108	118	112
Céatadán na n-uiscí inar baineadh amach cáilíocht uisce 'go maith'	83.6	92.6	84.1	66.7	55.6	66.7	82.4	90.0	83.0

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ar láithreán Gréasáin ***Splash*** (www.bathingwater.ie).

Tuilleadh faisnéise

Córas Faisnéise Uisce LEE don Eoraip (*Water Information System for Europe* -WISE)
http://www.water.europa.eu/

An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil
http://www.eea.europa.eu

Water Quality in Ireland 2007 -2009 (EPA)
http://www.epa.ie/downloads/pubs/water/waterqua/WaterQuality0709.pdf

Naisc Úsáideacha

An Taisce (Iontaobhas Náisiúnta na hÉireann)
www.antaisce.org

Foundation for Environmental Education (FEE)
www.fee-international.org

Clean Coasts Ireland
www.cleancoastsireland.org

Aguisín 1 Léarscáil de Caighdeán Uisce Snámha na hÉireann 2011

Bathing Water Quality Map of Ireland 2011



Aguisín 2 Géilliúntas & Stádas Cáilíocht Uisce i gcás Uiscí Snámha Sainithe 2011

Freagrach Údarás Áitiúil	Limistéar Snámha	Stádas Cáilíocht Uisce 2011	Géilliúntas do luachanna éigeantacha nó treoirluachanna E.Coli		I.E.
Éig = Éigeantach Tre = Treorach			Éig	Tre	Tre
Comhairle Contae an Chláir	Loch Bhaile Uí Áille	Go Maith	√	√	√
	Baile Uí Chogaráin	Go Maith	√	√	√
	Ceathrú an Easpaig	Go Maith	√	√	√
	Cé na Ceapaí, Cill Rois	Go Maith	√	√	√
	Fánóir	Go Maith	√	√	√
	Cill Chaoi	Go Maith	√	√	√
	An Leacht	Go Maith	√	√	√
	Baile Uí Bheoláin, Loch Deirgeirt	Go Maith	√	√	√
	Rinn na Spáinneach	Go Maith	√	√	√
	An Trá Bhán, An Dún Beag	Go Maith	√	√	√
	An Trá Bhán, Sráid na Cathrach	Go Dona	X	X	√
Comhairle Contae Chorcaí	Bá na hEornan	Go Maith	√	√	√
	Eochaill, An Caisleán Cria	Dóthanach	√	X	√
	Cúl Méine	Go Maith	√	√	√
	Baile Mhóntáin	Go Maith	√	√	√
	Baile Ghearóid	Go Maith	√	√	√
	Garraí Lúcáis, Trá Bhán	Go Maith	√	√	√
	Garraí Bhoithe	Go Maith	√	√	√
	Inse Duine	Go Maith	√	√	√
	Abha na hInse	Go Maith	√	√	√
	Ceann an Bhóthair	Go Maith	√	√	√
	Tráigh Omna	Go Maith	√	√	√
	An Coinicéar	Go Maith	√	√	√
	Eochaill, An Trá Tosaigh	Dóthanach	√	X	√
Comhairle Contae Dhún na nGall	Baile Thiarnáin, Fánaid	Go Maith	√	√	√
	Bun Dobhráin	Go Maith	√	√	√
	Carraig Fhiáin	Go Maith	√	√	√
	Cúil Dabhcha	Go Maith	√	√	√
	Na Dúnaibh	Go Maith	√	√	√
	Droim na Tine	Go Maith	√	√	√
	Fionn Trá	Go Maith	√	√	√
	Trá na Cille	Go Maith	√	√	√
	Trá na mBan, Bun Cranncha	Dóthanach	√	√	X
	Lios Feannáin	Go Maith	√	√	√
	Cnoc an Mharmair	Go Maith	√	√	√
	Muirbheach	Go Maith	√	√	√
	An Fhearthainn	Go Maith	√	√	√
	Portarthur, Doirí Beaga	Go Maith	√	√	√
	Port na Bláiche	Go Maith	√	√	√
	Port an tSalainn	Go Maith	√	√	√
	Ráth Maoláin	Go Maith	√	√	√
	Ros Neamhlach	Go Maith	√	√	√
	An tSrúibh	Go Maith	√	√	√

Freagrach Údarás Áitiúil	Limistéar Snámha	Stádas Cáilíocht Uisce 2011	Géilliúntas do luachanna éigeantacha nó treoirluachanna E.Coli Éig	E.Coli Tre	I.E. Tre
Comhairle Cathrach Bhaile Átha	Trá Chnocán Doirinne	Go Maith	√	√	√
	Trá Mhuirfean	Go Maith	√	√	√
	Trá Dhumhach Thrá	Dóthanach	√	X	√
Dún Laoghaire /	Cill Iníon Léinín	Go Maith	√	√	√
Comhairle Chontae Ráth an Dúin	Rinn na Mara	Go Maith	√	√	√
Comhairle Contae Fhine Gall	Bhaile Brigín, An Trá Tosaigh	Dóthanach	√	X	√
	Domhnach Bat, Trá Bhaile Carraige	Go Maith	√	√	√
	Trá Loch Sionnaigh	Dóthanach	√	X	√
	Trá Mhullach Íde	Go Maith	√	√	√
	Port Mearnóg, An Trá Mhín	Go Maith	√	√	√
	Port Reachrainn, Trá an tSrutháin	Go Maith	√	√	√
	An Ros, An Trá Theas	Dóthanach	√	X	√
	Na Sceirí, An Trá Theas	Go Maith	√	√	√
	Cill Fhionntain, Trá an Choinicéir	Go Maith	√	√	√
Comhairle Contae na Gaillimhe	An Trá Mór, Coill Rua, Indreabhán	Go Maith	√	√	√
	Loch Bhaile Locha Riach	Go Maith	√	√	√
	Áit Shnámha i bPort Omna	Go Maith	√	√	√
	Céibh an Spidéil	Go Maith	√	√	√
	Cill Mhuirbhigh, Inis Mór	Go Maith	√	√	√
	Trá an Chlocháin	Go Dona	X	X	X
	Goirtín, Cloch Na Rón	Go Maith	√	√	√
	Trá na bhForbacha, Na Forbacha	Dóthanach	√	√	X
	Trá na mBan, An Spidéal	Go Maith	√	√	√
	Trá an Dóilín, An Cheathrú Rua	Go Maith	√	√	√
	Trá Chaladh Fínis, Carna	Go Maith	√	√	√
	Trácht, Cinn Mhara	Dóthanach	√	√	X
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Trá Bhaile an Locháin	Dóthanach	√	X	√
	Trá Bhóthar Grattan	Dóthanach	√	X	√
	Bóthar na Trá	Go Maith	√	√	√
	Trá na gCeann	Dóthanach	√	√	X
Comhairle Contae Chiarraí	Baile an Sceilg	Go Maith	√	√	√
	Baile an Bhuinneánaigh Thuaidh	Go Maith	√	√	√
	Baile an Bhuinneánaigh Theas	Go Maith	√	√	√
	Baile Uí Thaidhg	Go Maith	√	√	√
	Trá na Beannaí	Go Maith	√	√	√
	Caisleán Ghriaire	Go Maith	√	√	√
	Doire Fhionáin	Go Maith	√	√	√
	An Fhianait	Go Maith	√	√	√
	Inse	Go Maith	√	√	√
	Trá na hUíne	Dóthanach	√	X	√
	Na Cealla	Go Maith	√	√	√
	An Machaire Beag, Caisleán Ghriaire	Go Maith	√	√	√
	Ros Beithe, Trá Bhán	Go Maith	√	√	√
	Fionntrá	Go Maith	√	√	√
	Trá Bhán, Cathair Saidhbhín	Go Maith	√	√	√
Comhairle Contae Liatroma	Loch Chaoldra	Dóthanach	√	√	X

Freagrach Údarás Áitiúil	Limistéar Snámha	Stádas Cáilíocht Uisce 2011	Géilliúntas do luachanna éigeantacha nó treoirluachanna E.Coli Éig	E.Coli Tre	I.E. Tre
Comhairle Contae Lú	Ceann Chlochair	Go Maith	√	√	√
	An Port, An Lorgain Bhuí	Go Maith	√	√	√
	Rinn na Mara	Go Maith	√	√	√
	Cnoc na Cáithe / Baile an Teampaill	Go Maith	√	√	√
Comhairle Contae Mhaigh Eo	Trá Bertragh, Muraisc	Go Maith	√	√	√
	Trá na Ceathrún Móire, Cluain Cearbán	Go Maith	√	√	√
	Ceathrú an Uisce, Cluain Cearbán	Go Maith	√	√	√
	Trá Dhumha Goirt, Acaill	Go Maith	√	√	√
	Trá Dhumha Éige, Acaill	Go Maith	√	√	√
	Cuan Oilí, Béal an Mhuirthead	Go Maith	√	√	√
	Trá Bhearna na gCapall, Acaill	Go Maith	√	√	√
	Trá an Chaoil, Acaill	Go Maith	√	√	√
	Trá na Coime, Acaill	Go Maith	√	√	√
	Cill Ala, Trá an Rosa	Go Maith	√	√	√
	Cluain Cearbán, Trá an tSeanchinn	Go Maith	√	√	√
	Trá an Mhullaigh Rua, Béal an Mhuirthead	Go Maith	√	√	√
	Trá na Mala Raithní	Go Maith	√	√	√
	Trá na Rinne Rua (Rinroe), Ceathrú Thaidhg	Go Maith	√	√	√
	Cliara, Cluain Cearbán	Go Maith	√	√	√
Comhairle Contae na Mí	An Inse / Baile an Bhiataigh	Go Maith	√	√	√
Comhairle Contae Shligigh	Trá Dhún Móráin	Go Maith	√	√	√
	Trá Inis Crabhann	Go Maith	√	√	√
	Trá an Mhullaigh Mhóir	Dóthanach	√	X	√
	Trá an Rois	Go Maith	√	√	√
	Trá na Srithidí	Go Maith	√	√	√
Comhairle Contae Phort Láirge	Trá na hAirde Móire	Go Maith	√	√	√
	Trá Bhun Machan	Go Maith	√	√	√
	Trá Chluain Fhia	Go Maith	√	√	√
	Trá an Chonsailéara, Dún Mór	Go Maith	√	√	√
	Trá Dhún Mór, Dún Mór Thoir	Go Maith	√	√	√
	Trá Mhór	Dóthanach	√	√	X
Comhairle Contae na hIarmhí	An tIúr, Loch Ainninn	Dóthanach	√	X	√
	Port na Seangán, Loch Uail	Dóthanach	√	X	√
	The Cut, Loch Léinn	Go Maith	√	√	√
Comhairle Contae Loch Garman	Baile Muine, An Trá Thuaidh	Go Maith	√	√	√
	Baile na Cúirte, An Trá Thuaidh	Go Maith	√	√	√
	Currach Cló	Go Maith	√	√	√
	Dún Canann	Dóthanach	√	√	X
	Caisleán Mhurchú	Dóthanach	√	√	X
	Trá Ros Láir	Dóthanach	√	√	X
Comhairle Contae Chill Mhantáin	Promanáid Theas Bhré	Go Maith	√	√	√
	Cuan an Bhriotáis Thuaidh	Go Maith	√	√	√
	Cuan an Bhriotáis Theas	Go Maith	√	√	√
	Trá na Clogaí	Go Maith	√	√	√
	Na Clocha Liatha Theas	Go Maith	√	√	√
	An Trá Gheal	Go Maith	√	√	√

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Is í an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) comhlachta reachtúil a chosnaíonn an comhshaol do mhuintir na tíre go léir. Rialaímid agus déanaimid maoirsiú ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh truailliú a chruthú murach sin. Cinntímid go bhfuil eolas cruinn ann ar threochtaí comhshaoil ionas go nglactar aon chéim is gá. Is iad na príomh-nithe a bhfuilimid gníomhach leo ná comhshaol na hÉireann a chosaint agus cinntiú go bhfuil forbairt inbhuanaithe.

Is comhlacht poiblí neamhspleách í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) a bunaíodh i mí Iúil 1993 faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992. Ó thaobh an Rialtais, is í an Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil.

ÁR bhFREAGRACHTAÍ

CEADÚNÚ

Bíonn ceadúnais á n-eisiúint againn i gcomhair na nithe seo a leanas chun a chinntiú nach mbíonn astuithe uathu ag cur sláinte an phobail ná an comhshaol i mbaol:

- áiseanna dramhaíola (m.sh., líonadh talún, loisceoirí, stáisiúin aistrithe dramhaíola);
- gníomhaíochtaí tionsclaíocha ar scála mór (m.sh., déantúsaíocht cógaisíochta, déantúsaíocht stroighne, stáisiúin chumhachta);
- diantalmhaíocht;
- úsáid faoi shrian agus scaoileadh smachtaithe Orgánach Géinathraithe (GMO);
- mór-áiseanna stórais peitreail;
- scardadh dramhuisce.

FEIDHMIÚ COMHSHAOIL NÁISIÚNTA

- Stiúradh os cionn 2,000 iniúchadh agus cigireacht de áiseanna a fuair ceadúnas ón nGníomhaireacht gach bliain.
- Maoirsiú freagrachtaí cosanta comhshaoil údarás áitiúla thar sé earnáil - aer, fuaim, dramhaíl, dramhuisce agus caighdeán uisce.
- Obair le húdaráis áitiúla agus leis na Gardaí chun stop a chur le gníomhaíocht mhídhleathach dramhaíola trí comhordú a dhéanamh ar líonra forfheidhmithe náisiúnta, díriú isteach ar chiontóirí, stiúradh fiosrúcháin agus maoirsiú leigheas na bhfadhbanna.
- An dlí a chur orthu siúd a bhriseann dlí comhshaoil agus a dhéanann dochar don chomhshaol mar thoradh ar a ngníomhaíochtaí.

MONATÓIREACHT, ANAILÍS AGUS TUAIRISCIÚ AR AN GCOMHSHAOL

- Monatóireacht ar chaighdeán aeir agus caighdeáin aibhneacha, locha, uiscí taoide agus uiscí talaimh; leibhéil agus sruth aibhneacha a thomhas.
- Tuairisciú neamhspleách chun cabhrú le rialtais náisiúnta agus áitiúla cinntí a dhéanamh.

RIALÚ ASTUITHE GÁIS CEAPTHA TEASA NA HÉIREANN

- Cainníochtú astuithe gáis ceaptha teasa na hÉireann i gcomhthéacs ár dtiomantas Kyoto.
- Cur i bhfeidhm na Treorach um Thrádáil Astuithe, a bhfuil baint aige le hos cionn 100 cuideachta atá ina mór-ghineadóirí dé-ocsaíd charbóin in Éirinn.

TAIGHDE AGUS FORBAIRT COMHSHAOIL

- Taighde ar shaincheisteanna comhshaoil a chomhordú (cosúil le caighdéan aeir agus uisce, athrú aeráide, bithéagsúlacht, teicneolaíochtaí comhshaoil).

MEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL

- Ag déanamh measúnú ar thionchar phleananna agus chláracha ar chomhshaol na hÉireann (cosúil le pleananna bainistíochta dramhaíola agus forbartha).

PLEANÁIL, OIDEACHAS AGUS TREOIR CHOMHSHAOIL

- Treoir a thabhairt don phobal agus do thionscal ar cheisteanna comhshaoil éagsúla (m.sh., iarratais ar cheadúnais, seachaint dramhaíola agus rialacháin chomhshaoil).
- Eolas níos fearr ar an gcomhshaol a scaipeadh (trí cláracha teilifíse comhshaoil agus pacáistí acmhainne do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna).

BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA FHORGHNÍOMHACH

- Cur chun cinn seachaint agus laghdú dramhaíola trí chomhordú An Chláir Náisiúnta um Chosc Dramhaíola, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na dTionscnamh Freagrachta Táirgeoirí.
- Cur i bhfeidhm Rialachán ar nós na treoracha maidir le Trealamh Leictreach agus Leictreonach Caite agus le Srianadh Substaintí Guaiseacha agus substaintí a dhéanann ídiú ar an gcrios ózóin.
- Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dramhaíl Ghuaiseach a fhorbairt chun dramhaíl ghuaiseach a sheachaint agus a bhainistiú.

STRUCHTÚR NA GNÍOMHAIREACHTA

Bunaíodh an Ghníomhaireacht i 1993 chun comhshaol na hÉireann a chosaint. Tá an eagraíocht á bhainistiú ag Bord lánaimseartha, ar a bhfuil Príomhstiúrthóir agus ceithre Stiúrthóir.

Tá obair na Gníomhaireachta ar siúl trí ceithre Oifig:

- An Oifig Aeráide, Ceadúnaithe agus Úsáide Acmhainní
- An Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil
- An Oifig um Measúnacht Comhshaoil
- An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáide

Tá Coiste Comhairleach ag an nGníomhaireacht le cabhrú léi. Tá dáréag ball air agus tagann siad le chéile cúpla uair in aghaidh na bliana le plé a dhéanamh ar cheisteanna ar ábhar imní iad agus le comhairle a thabhairt don Bhord.

Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Headquarters, PO Box 3000
Johnstown Castle Estate
County Wexford, Ireland

Ceanncheathrú, Bosca Poist 3000
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin
Contae Loch Garman, Éire

T:+353 53 916 0600
F:+353 53 916 0699

Regional Inspectorate
McCumiskey House, Richview
Clonskeagh Road, Dublin 14, Ireland

Cigireacht Réigiúnach, Teach Mhic Chumascaigh
Dea-Radharc, Bóthar Cluain Sceach
Baile Átha Cliath 14, Éire

T:+353 1 268 0100
F:+353 1 268 0199

Regional Inspectorate
Inniscarra, County Cork, Ireland

Cigireacht Réigiúnach, Inis Cara
Contae Chorcaí, Éire

T:+353 21 487 5540
F:+353 21 487 5545

Regional Inspectorate
John Moore Road, Castlebar
County Mayo, Ireland

Cigireacht Réigiúnach, Bóthar Sheán de Mórdha
Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo, Éire

T:+353 94 904 8400
F:+353 94 902 1934

Regional Inspectorate
Seville Lodge, Callan Road,
Kilkenny, Ireland

Cigireacht Réigiúnach, Lóiste Sevilla,
Bóthar Challainn, Cill Chainnigh, Éire

T:+353 56 779 6700
F:+353 56 779 6798

Regional Inspectorate
The Glen, Monaghan, Ireland

Cigireacht Réigiúnach, An Gleann
Muineachán, Éire

T:+353 47 77600
F:+353 47 84987

E: info@epa.ie
W: www.epa.ie
Lo Call: 1890 33 55 99

Printed on an environmentally friendly paper stock